

ATLAS OF THE **IRISH**
REVOLUTION
Acmhainní do Scoileanna



College of
Arts, Celtic Studies
and Social Sciences

Aonad 3:

*Dálaí Oibre agus Maireachtála
i mBaile Átha Cliath, 1900-1913*

BILEOGA OIBRE SS (SRAITH SHÓISEARACH)

AONAD 3:

DÁLAÍ OIBRE AGUS MAIREACHTÁLA IN ÉIRINN 1900-1913

ÉIRE AG AM AN DAONÁIRIMH I 1911:

I 1911 b'ionann daonra na hÉireann agus 3.14 milliún duine. Le sonraí ón **daonáireamh** oifigiúil a rinneadh sa bhliain sin soláthraítear neart faisnéise faoin gcuma a bhí ar Éire sa chéad deich mbliana den fichiú haois. Mar shampla, taifeadh leis go raibh 260,694 dhuine (nó 8.3% den daonra) **neamhliteartha**. Bhí ráta na neamhlitearthachta ag 3.8%, an ráta neamhlitearthachta is ísle. Chuir rud beag níos lú ná 90% den daonra síos orthu féin i 1911 mar Chaitlicigh agus bhí níos lú ná cúigiú den daonra (17.6%) in ann an Ghaeilge a labhairt. Ní raibh ach 3.5% den daonra i Laighin in ann an Ghaeilge a labhairt i gcomparáid le tríú den daonra i gConnachta. Bhí níos mó ná leatha den daonra i nGaillimh (54.1%) in ann an Ghaeilge a labhairt i 1911.

Soláthraítear fianaise sa daonáireamh freisin faoi **rátaí básmhaireachta**, tithíocht, méideanna na dteaghlach agus cineálacha na hoibre a rinne daoine i 1911. Bhí beagnach leath de na hoibrithe in Éirinn fostaithe sa talmhaíocht, bhí níos mó ná ceathrú acu ag obair i bpoist i ndéantúsaíocht agus bhí duine as deichniúr oibrithe ag obair ar aimsir ag daoine. Taispeántar codarsnacht láidir leis na sonraí ón daonáireamh idir an saol sa chathair agus an saol lasmuigh den chathair ag tús an fichiú haois.

Don mhórchuid ba thír thalmhaíochta í Éire agus bhí tromlach an daonra **tuaithe** ag obair ar fheirmeacha mar sclábhaithe nó mar úinéirí. Ní raibh tionsclaíocht shuntasach ann ach in oirthuaisceart na tíre. Bhí an comhcheangal de ghairneacht Uladh do ghualcheantair thuaisceart Shasana agus na hAlban, agus den traidisiún láidir den fhíodóireacht línéadaigh sna bailte ina bhunús le haghaidh **tionsclaithe**. Ag deireadh an naoú haois déag, rinneadh infheistíocht mhórsála i muilinn sníofa agus fíodóireachta sa limistéar timpeall ar Bhéal Feirste ar a dtugadh 'triantán an línéadaigh'. Faoi 1900 bhí níos mó ná 60,000 oibrithe in Ulaidh fostaithe sa tionscal línéadaigh.

BÉAL FEIRSTE

Ag casadh an chéid, ba chathair Vichteoiriach rathúil Béal Feirste agus 75% dá lucht saothair fostaithe sa tionsclaíocht. Chuir an t-innealtóir Sasanach, Edward Harland agus G.W. Wolff go mór le fás tionsclaíoch i mBéal Feirste nuair a d'oscail siad a chéad longchlós i 1853. Ghlac siad leis an teicneolaíocht is déanaí agus chruthaigh siad naisc rithábhachtacha leis an gcuideachta loingseoireachta White Star i Learpholl. Sna 1880í thosaigh Harland agus Wolff ag tógáil long cúrsála tras-Atlantach. Lainseáladh an Majestic i 1889, agus lainseáladh an Titanic, an long is mó a tógadh riamh ag an am sin, i 1912.

Bhí cúig mhíle déag oibrithe fostaithe i longchlóis Bhéal Feirste i 1911 agus fuair cuid mhór eile fostaíocht le cuideachtaí áitiúla a rinne ábhair amhail innill agus rópaí do na longchlóis. Mar gheall ar tharraingteacht Bhéal Feirste **d'imircigh** ag iarraidh oibre, chuaigh daonra na cathrach in airde go mór ó 75,308 i 1841 go 387,000 i 1911.

CENSUS OF IRELAND, 1911.													Age and other particulars of the person or persons named in the other column.			
FORM A.													Age and other particulars of the person or persons named in the other column.			
RETURN OF THE MEMBERS OF HIS FAMILY AND OTHER VISITORS, RESIDENTS, DEPENDENTS, AND OTHERS, WHO WERE AT HOME ON THE NIGHT OF 2ND APRIL, 1911.													Age and other particulars of the person or persons named in the other column.			
NAME AND ADDRESS.	RELATION TO HEAD OF FAMILY.	AGE.	SEX.	RELIGION.	MARRIAGE.	EDUCATION.	SPECIAL INQUIRIES.	MARRIAGE.	EDUCATION.	SPECIAL INQUIRIES.	MARRIAGE.	EDUCATION.	SPECIAL INQUIRIES.	MARRIAGE.	EDUCATION.	SPECIAL INQUIRIES.
1. John J. O'Sullivan	Head of Family	45	M	Roman Catholic	Married	None										
2. Mary J. O'Sullivan	Wife	42	F	Roman Catholic	Married	None										
3. John J. O'Sullivan	Son	15	M	Roman Catholic	Single	None										
4. Mary J. O'Sullivan	Daughter	12	F	Roman Catholic	Single	None										
5. John J. O'Sullivan	Son	10	M	Roman Catholic	Single	None										
6. Mary J. O'Sullivan	Daughter	8	F	Roman Catholic	Single	None										
7. John J. O'Sullivan	Son	6	M	Roman Catholic	Single	None										
8. Mary J. O'Sullivan	Daughter	4	F	Roman Catholic	Single	None										
9. John J. O'Sullivan	Son	2	M	Roman Catholic	Single	None										
10. Mary J. O'Sullivan	Daughter	1	F	Roman Catholic	Single	None										

I hereby certify, as required by the Act, 1910, No. 24, and I declare, I have not made the foregoing Return in respect, contrary to the best of my knowledge and belief.

John J. O'Sullivan Signature of Declarant.

I declare the foregoing to be a true Return.

John J. O'Sullivan Signature of Declarant.

Ba í an fhoirm 'A' an fillteán daonáirimh tí bunúsach, arna comhlánú agus arna sínú ag ceann an teaghlaigh. San áireamh leis an bhfaisnéis a taifeadh bhí ainmneacha, aoiseanna, inscne, gairm, stádas pósta, reiligiún, contae breithe nó tír bhreithe agus leibhéal na litearthachta.

Don chéad uair bhí daonra Bhéal Feirste níos mó ná daonra Bhaile Átha Cliath, ina raibh beagnach 305,000 duine. Lean an chathair chun a mhéadú de réir mar a tógadh na céadta de thithe sraithe beaga d'oibrithe na muilt, na monarchana agus na longchhlós

BAILTE AGUS CATHRACHA I nDEISCEART NA hÉIREANN

Bhí difríochtaí eacnamaíocha soiléire ann idir cathracha sa tuaisceart agus cathracha sa deisceart in Éirinn tar éis an Ghorta Mhóir. Cé go raibh tionscail talmhaíochta amhail grúdaireacht, driogaireacht agus meilt gráin, de ghnáth bhí an chuid is mó de na cathracha sa deisceart ina moil **tráchtála**, iompair nó **riaracháin** seachas moil déantúsaíochta. Ag deireadh an naoú haois déag d'éirigh cathracha calaidh móra amhail Corcaigh ina n-ionaid tráchtála seachas ionaid tionsclaíochta, áit a raibh méadú ar líon na siopaí a dhíol bia, deoch agus earraí arna n-iompórtáil ón mBreatain. Ní raibh aon bhorradh ar gheilleagar na gcathracha agus na mbailte níos lú tar éis an Ghorta Mhóir. D'fhulaing na bailte agus cathracha ina raibh daonraí níos lú ná 10,000 níos mó ná áiteanna eile de réir mar a tarraingíodh go leor daoine chuig Ulaidh, chuig an mBreatain nó chuig Meiriceá chun obair a fháil.

BAILE ÁTHA CLIATH

Neamhchosúil le Béal Feirste tionsclaithe, bhí Baile Átha Cliath ina mhol de riarachán na tíre, ina raibh an státseirbhís agus na boird éagsúla a rialaigh an tír lonnaithe. I measc mhórchuid thionscal déantúsaíochta na cathrach bhí Jacob's Biscuits, Jameson Whiskey agus Guinness Stout.

I 1900 bhí difríochtaí sóisialta géara ann i gcathair Bhaile Átha Cliath. I ndeisceart na cathrach lenar áiríodh na fo-bhailte nua de Ráth Maonais, Ráth Garbh, Baile an Fheamrógaigh agus Baile an Mha-

naigh, chónaigh an **uasaicme** ghairmiúil, ghnó agus riaracháin.

Mar cheann scríbe na mílte d'imircigh ón nGorta Mór a bhí ag iarraidh obair a fháil, méadaíodh daonra Bhaile Átha Cliath faoi 31% idir 1841 agus 1911. Mar thoradh air sin bhí an-iomaíocht ann le haghaidh tithe i measc na mbocht sa chathair a bhí ag dul i méid. Cheannaigh tiarnaí talún na tithe Seoirseacha a raibh **drochbhail** orthu i lár na cathrach, a bhí tréigthe ag na húnairí bunaidh, agus thiontaigh siad iad ina dteaghaisí aon seomra, iolracha. Faoi 1911, bhí 26,000 duine ina gcónaí sna **tionóntáin** phlódaithe sin i roinnt de na **slumaí** ba mheasa san Eoraip.

Lig na tiarnaí talún na tionóntáin i bhfaillí agus go tipiciúil bhí díonta ag ligean uisce, síleálacha ag titim anuas, fuinneoga briste, ballaí scoilte agus dul chun raice iontu. Ba saol contúirteach é freisin an saol sna tionóntáin. An 2 Meán Fómhair 1913, mar shampla, maraíodh seachtar nuair a thit dhá thionóntán anuas i Sráid na hEaglaise. Ach bá é an bhreiteacht an bhagairt is mó ar bheatha, áfach. Mar thoradh ar phlódú, ar chothú bocht agus ar dhálaí **míshláintiúcha** bhí galair thógálacha amhail **eitinn** agus dinnireacht coitianta agus i 1900 bhí an ráta báis naíonán is airde sa Ríocht Aontaithe ag Baile Átha Cliath.

Mar thoradh ar **shruth** mór na n-imirceach bhí soláthar iomarcach **oibrithe neamhoilte** ag an gcathair. Mar chathair chalaidh, bhí Baile Átha Cliath ag croílár an dáilte lasta. Bhí 7,000 de na 30,000 oibrithe neamhoilte fostaithe ar bhonn ócáideach ó lá go lá. Rinne siad lastas a lódáil agus a dhílódaíl ó na longa agus rinne siad é a dháileadh ar fud na cathrach. Uaireanta, bhí rátaí na dífhostaíochta chomh hard le 20%, rud a thug cumhacht ollmhór do na fostóirí. D'íoc siad pá íseal agus thug siad an bóthar do dhaoine de réir a dtola agus chuir siad oibrithe ar **'dhúliosta'** má bhí amhras ann go raibh siad ag eagrú agóidí ar son pá agus coinníollacha níos fearr.

DO THASC


Cuir na heochairfhocail ón téacs in oiriúint leis na sainmhínithe cearta

(a)	daonáireamh	(1)	Níl sé sláinteach ná glan
(b)	rátaí báis	(2)	An ghníomhaíocht de cheannach agus de dhíol go speisialta ar mhórsála
(c)	talmhaíocht	(3)	Comhaireamh oifigiúil nó suirbhé ar dhaonra
(d)	déantúsaíocht	(4)	Cúrsaí poiblí a riar
(e)	tuaithe	(5)	Daoine a bhogann ó áit go háit chun obair nó dálaí maireachtála níos fearr a aimsiú
(f)	tionsclú	(6)	Seomra nó sraith seomraí lena ndéantar áit chónaithe ar leith a chruthú laistigh de theach
(g)	uirbeach	(7)	Ag baint leis an tuath nó le saol faoin tuath
(h)	imircigh	(8)	Líon na mbásanna in áit áirithe nó i dtréimhse ama áirithe
(i)	tráchtáil	(9)	An eolaíocht nó an cheird de bharra a shaothrú nó de bheostoc a thógáil
(j)	riarachán	(10)	Ag baint le baile mór nó le cathair
(k)	borradh ar bith	(11)	Beart a dhéantar chun fostaíocht a shéanadh do dhuine a bhfuil amhras ann faoina iompraíocht neamh-inghlactha
(l)	slumaí	(12)	Galar baictéarach tógálach a chuireann isteach ar na scamhóga
(m)	tionóntán	(13)	Grúpa ar leith atá níos fearr i dtéarmaí cumais nó tréithe
(n)	míshláintíoch	(14)	Earraí a dhéanamh le meaisínre ar an mórchóir
(o)	scothaicme	(15)	Teacht isteach líonta móra de dhaoine nó de rudaí
(p)	sruth	(16)	Tabhairt isteach na déantúsaíochta ar an mórchóir i gceantar
(q)	drochbhail air	(17)	Oibrithe nach bhfuil aon scil nó oiliúint speisialta acu
(r)	eitinn	(18)	Neamhábalta scríobh ná léamh
(s)	oibrithe neamhoilte	(19)	Limistéar uirbeach suarach, plódaithe ina bhfuil daoine an-bhochta ina gcónaí
(t)	ar dhúliosta	(20)	Chun stad d'fhorbairt nó de bhogadh; le héirí neamhghníomhach nó leadránach
(u)	Neamhliteartha	(21)	Rud éigin ar a bhfuil drochbhail nó atá ina fhothrach mar gheall ar aois nó neamart

a	b	c	d	e	f	g	h	i	j	k	l	m	n	o	p	q	r	s	t	u

- Doiciméad A -

Léarscáil lena dtaispeántar daonraí na mbailte in Éirinn i 1911 mar chéatadán de na daonraí dá gcuid i 1841



- Doiciméad B -
An tSráid Ard i mBéal Feirste ag tús na 1900í



- Doiciméad C -
Blossom Gate, Cill Mocheallóg, Contae Luimnigh, 1909



- Document D -

Tábla lena dtaispeántar an daonra agus tithíocht i mBaile Átha Cliath 1821-1911

Leis an tábla thíos taispeántar daonra Bhaile Átha Cliath idir 1821 nuair a rinneadh an chéad daonáireamh, agus 1911. Rinneadh teorainneacha chathair Bhaile Átha Cliath a shíneadh i 1900 nuair a cuireadh trí bhaile cheantar fho-uirbeacha leis.


Year	Population	Total Houses	Inhabited	Uninhabited	Building
1821	...	178,603	14,803	14,029	734
1831	...	204,155	17,083	16,042	889
1841	...	232,726	21,771	20,109	1,561
1851	...	258,369	* 24,284	22,224	1,918
1861	...	254,808	* 24,585	* 22,935	1,550
1871	...	246,326	25,042	23,896	1,059
1881	...	249,602	27,587	24,211	3,060
1891	...	245,001	29,368	25,764	3,448
1901	...	(a) 260,810	-	26,927	-
		(b) 290,638	35,460	32,061	3,195
1911	...	(a) 265,649	-	28,406	-
		(b) 304,802	37,597	35,477	1,934

* Excludes Institutions
(a) City excluding suburbs
(b) City including suburbs

[Foinse: Dublin Housing Inquiry, (1914), *Report of Inquiry into the Housing Conditions of the Working Classes in the City of Dublin*, Fisher & Unwin, London. <http://archive.org/details/op1256386-1001>]

- Doiciméad E -

Graf lena dtaispeántar na rátaí básmhaireachta (básanna) i gcathair agus i bhfo-bhailte Bhaile Átha Cliath



CEISTEANNA TUISCEANA

Doiciméad A

1. De réir na léarscáile, cad é an cúige ina ndearnadh an méadú céatadán is airde a thaifeadadh i ndaonra uirbeach idir 1841 agus 1911? (*Doiciméad A*)

2. An bhfuil tú in ann cúis a mholadh leis an méadú ar an daonra sa chúige sin? (*Doiciméad A*)

3. Cén fáth a raibh méadú ar an daonra sa Chóbh thar meán na hÉireann le linn an Ghorta Mhóir agus ina dhiaidh? (*Doiciméad A*)

4. Cad iad na bailte i do chontae féin (más ann dóibh) ina raibh daonraí ní ba lú i 1911 ná i 1841? (*Doiciméad A*)

5. An smaoiníonn tú go bhfuil an fhaisnéis sa léarscáil ag tacú leis an ráiteas a leanas: “*Seachas san oirthuaisceart, níor tháinig an Réabhlóid Thionsclaíoch chuig Éirinn*”? Mínigh do fhreagra.

Doiciméid B agus C

6. An bhfuil aon fhianaise sa ghrianghraf (*Doiciméad B*) go raibh Béal Feirste in chathair rathúil i 1900? Tabhair dhá shampla ar a laghad.

7. An bhfuil tú in ann aon fhianaise a aimsiú go raibh naisc láidre ag Béal Feirste leis an mBreatain? (*Doiciméad B*)

8. Aithin trí chineál ar a laghad d’iompar a úsáideadh i mBéal Feirste i 1900.

9. Samhlaigh go bhfuil tú i do sheasamh ar an tSráid Ard i mBéal Feirste ag tús na 1900í. Cuir síos ar a bh fuil le cluinistín agat.

10. Bunaithe ar an ngrianghraf, cad é an modh príomhúil d'earraí a iompar i mbaile Chill Mocheallóg i 1909?
(Doiciméad C)

11. An bhfuil tú in ann aon fhianaise a aimsiú go raibh Cill Mocheallóg ina bhaile tráchtála measartha rathúil i 1909? (Doiciméad C)

Doiciméid D agus E

12. De réir an tábla, cá mhéad a bhí sa mhéadú ar dhaonra Bhaile Átha Cliath idir 1841 agus 1851?

13. An bhfuil tú in ann cúis a mholadh leis an méadú ar an daonra sna blianta sin?

14. Bunaithe ar na sonraí i nDoiciméad B, ríomh an méadú ar dhaonra Bhaile Átha Cliath idir 1851 agus 1911 (agus fo-bhailte san áireamh).

15. Cá mhéad tithe a tógadh i mBaile Átha Cliath idir 1891 agus 1911?

16. Cad í an bhliain idir 1876 agus 1911 ina bhfacthas an ráta báis is airde i gcathair Bhaile Átha Cliath?

17. Cad iad na galair thógálacha a bhí ina gcúis le méadú tobann ar na rátaí báis i mBaile Átha Cliath idir 1895 agus 1900?

18. Mol dhá chúis leis na rátaí báis thar a bheith ní b'airde sa chathair i gcomparáid leis na fo-bhailte.

19. An smaoiníonn tú go mbeadh Doiciméid D agus E ina bhfoinsí luachmhara do staraí? Mínigh do fhreagra.

- Doiciméad G -

Legan de alt ón *Freeman's Journal* an 9 Samhain 1910 lena dtugtar sonraí faoi éisteacht maidir le dálaí tithíochta na mbocht i mBaile Átha Cliath

SPECTACLES AND EYEGLASSES
COMBINING
ALL THE LATEST IMPROVEMENTS.
W. K. Cahill, Optician,
46 Dawson Street, Dublin.

The Freeman's Journal
ESTD. 1763 IRELAND'S NATIONAL NEWSPAPER [ESTD. 68.
WEDNESDAY, NOVEMBER, 9th, 1910

OUR TEA
the pick of the market
carefully selected
and got delivered daily.
2/- 2/6 3/- 3/6
BECKER Bros
170
8 SOUTH ST. ROBERTS T.
17 NTU BARE ST., DUBLIN

POLICE COURTS

DUBLIN'S HOUSING PROBLEM

Mr. Mcinerney, K.C., presiding in the Northern Police Court yesterday, addressing Mr. James Brady, solicitor, stated his attention was called to the difficulty the School Attendance Inspectors in Dublin have in getting children to attend school. [This] had its origin in ... the number of ejectments (evictions) which took place weekly ... In connection with this His Worship read the following statement from the annual report of the Dublin School Attendance Committee: ...

"To secure the regular attendance of the children reared under such conditions [in tenements] is not a matter of easy accomplishment, and the task of the inspectors in such surroundings is not an enviable one. They might accomplish their mission if the occupiers of the tenement houses were permanent residents, but the greater proportion of them are A KIND OF FLOATING POPULATION, depending on chance for a living and, unable to pay their weekly rent, are ejected and move to some other district ...



there are upwards of two hundred and fifty ejectments cases disposed of in the police courts weekly.

That, continued His Worship, represented 13,000 persons a year. That only represented individual cases and, of course, involved families and a great number of children. "Is it possible", asked His Worship, "that there is that number of cases?"

Mr Brady: - "Well it is, sir, I think, to an extent."

Mr. Macinerney: - "The report of the Public Health Committee gives particulars of the extent to which the tenement system prevails in Dublin". There were 21,702 families in one room each in Dublin. Was that possible?, asked his Worship.

Mr. Brady: - "It is sir, I think ... Many of the ejectments are caused as a consequence of the insanitary conditions of the dwellings. In order to make them sanitary and to comply with the by-laws, the Corporation has issued summonses [to the landlords] for the purpose of having them remedied and the people have to be ejected

I visited the houses and saw exactly the conditions under which the people lived ... the rooms in some of the [large houses] are as big as this court but are divided by partitions ... They all knew that house rent in Dublin is high. If they were able to build on the outskirts of the city cottages for the people, your lordship would be relieved of a great amount of work which has been thrown on you by these ejectment cases. Of course, I dare say landlords endeavour to do the best they can, but unfortunately, the fact remains that these hovels exist. And as long as they exist, there will be crime and everything that follows in its path." Mr. Mcinerney: - "I would like if we could begin to do something ... until the slums are cleared out the city [will] be full of ill-health and disease and crime and drunkenness.

- Doiciméad H -

Sleachta ó thuarascáil le Coiste Roinne arna cheapadh tar éis na tubaiste ar Shráid na hEaglaise chun fiosrúchán a dhéanamh ar Dhálaí Tithíochta an Lucht Oibre i gCathair Bhaile Átha Cliath i 1913

[Foinse: Fiosrúchán ar Thithíocht Bhaile Átha Cliath, (1914), *Tuarascáil ón bh-Fiosrúchán ar Dhálaí Tithíochta an Lucht Oibre i gCathair Bhaile Átha Cliath*,

Fisher & Unwin, Londain]

<http://archive.org/details/op1256386-1001>

The Report defined tenement houses as follows:

'... houses that (for the most part) were originally built to accommodate and provide for one family and, as a rule, they face a thoroughfare of the city ... [they] are exceedingly old structures, and are more or less in an advanced state of decay ... These tenement houses are to be found all over the city, and quite close to the most fashionable parts, but some areas such as Railway Street, Corporation Street, Cumberland Street, Francis Street, The Coombe, Chamber Street, Cork Street, portion of Gardiner Street, Dominick Street and many others, may be said to be entirely devoted to them'.

The Report also divided the tenement houses into three categories:

Class A: Those which appeared structurally sound. (1,518)

Class B: Those so decayed as to be on the borderline of being unfit for human habitation. (2,288)

Class C: Those unfit for human habitation and incapable of being rendered fit for habitation. (1,518)

It was estimated that 27,052 people resided in Class A houses, 37,552 people lived in Class B houses, and 23,710 lived in Class C houses.

Using testimony from 76 witnesses, their own inspections and information from the Census Returns of 1911, the authors of an enquiry into housing conditions in Dublin in 1914 made the following observations:

63% of the 304,802 people living in Dublin, belonged to the working class.

The total number of labouring class and their dependents in Dublin, (excluding domestic servants) was 194,250 in 1913.

In 1840 there were 353 tenement houses in Dublin city. By 1913, there was a total of 5,322 tenement houses in the city.

45% of the working class population lived in tenement houses. That amounted to 118,000 people or 25,822 families.

Of the 25,822 families living in tenement houses, 20,108 lived in one room.

There was an average of 22 persons per tenement house.


A further 10,000 lived in second and third class housing, and 32,000 lived in dwellings provided by companies and the corporation.

Inspections of tenements by the authors of the report, led to the following observations:

- We visited one house that we found to be occupied by 98 persons, another by 74, and a third by 73.
- The entrance to all tenement houses is by a common door off [the] street, and in most cases the door is never shut, day or night.
- Generally, the only water supply of the house is furnished by a single water tap which is in the yard.
- The common closet [toilet] accommodation is to be found in the yard [and is also used by] ... anyone who likes to come in off the street, and is, of course, common to both sexes. We cannot conceive how any self-respecting male or female could be expected to use accommodation such as we have seen.
- In some cases, the roof of the tenement house appears good in front but the backs of the houses are very dilapidated and almost ruinous.
- The passages, landings and stairs are, in many cases, cramped and narrow and the woodwork defective.
- The floors of the rooms are often out of repair, and ... fireplaces in the rooms are small open ones, unsuited for general use
- It is no uncommon thing to find halls and landings, yards and closets of the houses in a filthy condition.


- Doiciméad I -

Sliocht ó Ráiteas [Finné Bhiúró na Staire Mileata \(906\)](#) a cuireadh isteach an 8 Nollaig 1953 ag James Larkin T.D. Bá é a athair James Larkin, bunaitheoir Cheardchumann Oibrithe Iompair agus Ilsaothair na hÉireann.



- Doiciméad J -

Buiséad seachtainiúil tipiciúil agus cothú seachtainiúil tipiciúil oibrithe neamhoilte i mBaile Átha Cliath i 1913



Sna seachtainí nuair nach raibh fir in ann obair a aimsiú, nó nuair a d'ardaigh praghsanna breosla, ní raibh an dara rogha ann ach chun 'dul gan bia'.

Buiséad Seachtainiúil	
CÍOS	2s 6d
BREOSLA AGUS SOILSIÚ	2s 0d
ARÁN	4s 0d
TAE	0s 9d
SIÚCRA	0s 8d
BAINNE COMHDHLÚITE	0s 6d
IM (GEIR RÓSTA, MARGAIRÍN)	1s 6d
PRÁTAÍ NÓ GLASRAÍ EILE	1s 0d
FEOIL/ IASC/ BAGÚN	2s 0d
IOMLÁN	14s 11
PÁ SEACHTAINIÚIL	18s 0d
IARMHÉID	3s 1d

CEISTEANNA TUISCEANA

Doiciméid G

1. An foinse phríomhúil nó thánaisteach é an *Freeman's Journal*?

2. Seachas an bhagairt de ghalair, cad iad na deacrachtaí a bhí os comhair leanaí na dteaghlach i dtionóntáin i 1910? (*Doiciméad G*)

3. Cad iad an dá dhoiciméad as ar bhain an tUasal Brady agus an tUasal McNerney úsáid mar fhianaise in imeachtaí cúirte?

4. Cá mhéad cásanna díbeartha a bhí á n-éisteacht ag na póilíní gach seachtain le linn 1910?

5. Cén fáth a raibh fonn ar an Uasal McNerney na slumaí a ghlanadh?

Doiciméid H

6. Cad chuige a cruthaíodh Doiciméad H?

7. De réir Doiciméad H, cad iad na limistéir i mBaile Átha Cliath ina raibh an líon is mó de thionóntaí?

8. Bunaithe ar an bhfianaise i nDoiciméad H, ríomh an céatadán den daonra i dtionóntáin a bhí ina chónaí i dtithe a measadh 'nach dtiocfadh le daoine cónaí iontu' i 1913?


9. Is doiciméad an-fhíriciúil é Doiciméad H, ach an bhfuil fianaise ar dhearcadh na n-údar sa tuarascáil?

10. Bunaithe ar dhoiciméid G agus H roghnaigh trí aidiacht lena gcuirtear síos ar an mbonn is fearr ar shaol i dtionóntán i mBaile Átha Cliath, 1911-1913.

Doiciméid I

11. De réir James Larkin, cad iad na 3 rud nach raibh ag oibrithe sna chéad deich mbliana den aois?

12. Cad iad na háiteanna i mBaile Átha Cliath ina raibh obair le fáil do sclábhaithe neamhoilte/ócaideacha?



13. Tabhair dhá chúis le hanró shaol an sclábhaí ócáidigh i mBaile Átha Cliath i 1910. (*Doiciméad I*)

14. An smaoiníonn tú go raibh tuairimí láidre ag James Larkin faoi na coinníollacha sóisialta i mBaile Átha Cliath idir 1900 agus 1910? Cuir fianaise ar fáil ó Dhoiciméad H i do fhreagra.

Doiciméid J

15. Cá mhéad a bhí i bpá tipiciúil oibrí neamhoilte i mBaile Átha Cliath i 1913? (*Doiciméad J*)

16. Cad é mar a chuirfeá síos ar réim bia an oibrí neamhoilte agus a theaghlach i 1913?

TASC AN SCOLÁIRE - NA SLUMAÍ A SHAMHLÚ


Is tusa James Larkin agus is mian leat na dálaí uafásacha na sclábhaithe neamhoilte agus chónaitheoirí na dtionóntán i mBaile Átha Cliath i 1911 a phoiblíú. Tógann tú do ghuthán agus siúlann tú trí cheantair na dtionóntán i mBaile Átha Cliath agus grianghraif á nglacadh de na daoine, de na háiteanna agus de rudaí éagsúla.


Céim 1: Agus na doiciméid sa bhileog oibre seo á n-úsáid mar spreagthach, smaoinigh ar phictiúr lena dtugtar léiriú ar dhálaí na mbocht oibre i mBaile Átha Cliath i 1913.

Céim 2: Cruthaigh an íomhá. D'fhéadfadh sí a bheith ina líníocht, ina grianghraf, ina colláis nó ina híomhá ríomhghinte.

Céim 3: Greamaigh an íomhá isteach sa teimpléad Instagram sa bhileog oibre seo. Cuir fotheideal agus dhá haischlib léi

Céim 4: Comhroinn do Instagram le triúr scoláirí eile ar a laghad a thabharfaidh trácht/ aiseolas ar do





Instagram







TASC AN SCOLÁIRE - DAONÁIREAMH 1911

Le linn 2013, comóradh céad bliain Stailc agus Frithdhúnadh 1913, cuireadh beocht nua in Uimhir 14 Sráid Henrietta mar tharraingt do thurasóirí. Le hEispéireas Thionóntáin Bhaile Átha Cliath ligeadh do chuirteoirí saol suarach na dtionóntán a eispéiriú. Sholáthair aisteoirí ó ANU Productions ‘spléachadh dochreidte, mothúchánach ar shaol dhá theaghlach le linn Fhrithdhúnadh 1913’ mar a thug an *Irish Times* air.


[14 Henrietta Street](#)

I mbliana, tá sé beartaithe ag cuideachta léiriúcháin nua an tionscadal bunaidh a fhorbairt agus a leathnú. Iarradh ar do rang cuidiú leis an taighde trí fhianaise a bhaint as daonáireamh 1911. Nuair a rinneadh an daonáireamh, ba theaghaisí tionóntáin iláitithe iad na foirgnimh Sheoirseacha ar Shráid Henrietta ar thaobh thuaidh Bhaile Átha Cliath, áit a raibh dlíodóirí saibhre na cathrach ina gcónaí lá den saol. Bhí timpeall ar 835 dhuine ina gcónaí sna cúig theach déag ar an tsráid agus tá sonraí mionsonraithe sa daonáireamh ina leith. Is féidir teacht ar na tras-scríbhinní, ar na fillteáin bhunaidh agus ar fhoirmeacha staitistiúla ag:

http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1911/Dublin/Inns_Quay/Henrietta_Street/

CUID 1. BUNGHRÚPAÍ

- Céim 1:* Déanfaidh do mhúinteoir an rang a eagrú ina ghrúpaí de cheathrar. Déanfar ceithre chinn de na seacht dteaghaisí/ dteaghlach déag in Uimhir 14, Sráid Henrietta i 1911 a shannadh do gach grúpa.
- Céim 2:* Agus an nasc thuas á úsáid, aimsigh na fillteáin ón daonáireamh d’Uimhir 14 Sráid Henrietta i 1911 agus faigh na ceithre theaghaisí atá sannta daoibh.
- Céim 3:* Ba cheart do gach ball den ghrúpa freagracht a ghlacadh as ceann amháin de na teaghaisí agus líon na seomraí atá áitithe, líon na ndaoine, a n-aimneacha, aoiseanna, inscne, áiteanna breithe, reiligiún agus ceirdeanna a bhreacadh síos
- Céim 4:* Agus obair á déanamh le chéile, ba cheart don ghrúpa scrúdú a dhéanamh ar na sonraí uile a bhaineann lena gceithre theaghaisí chun na nithe a leanas a aithint:
- An teaghaisí ina bhfuil an líon is airde seomraí
 - An teaghaisí a bhfuil an líon is airde daoine ina gcónaí sa líon is lú seomraí
 - Líon iomlán na leanaí (faoi chúig bliana d’aois) sna ceithre theaghaisí
 - Líon iomlán na ndaoine níos sine ná seasca bliain sna ceithre theaghaisí
 - An dá cheird is coitianta
 - An reiligiún is coitianta
 - Líon iomlán na ndaoine a rugadh lasmuigh de chathair Bhaile Átha Cliath
 - Aon fhíricí eile is ábhair spéise nó iontais



CUID 2. SAINGHRÚPAÍ

- Céim 5:* Déanfaidh an múinteoir an rang a atheagrú ina shainghrúpaí nua de 5/6 scoláirí.
- Céim 6:* Ba cheart do gach ball den sainghrúpa teacht ó bhunghrúpa difriúil, agus na ríomhanna (a) - (h) á dtabhairt libh.
- Céim 7:* Agus na sonraí ó bhaill uile an ghrúpa á gcur i gcomparáid le chéile, déan na ríomhanna céanna mar a rinneadh roimhe sin do gach ceann de na teaghaisí in Uimhir 14, Sráid Henrietta.
- Céim 8:* Ba cheart do na sainghrúpaí aon fhíric is ábhar spéise nó iontais a thaifeadadh faoin tionóntán agus faoi na háitritheoirí ann a aimsíodh le linn a gcuid taighde.
- Céim 9:* Tabharfaidh urlabhraí do gach grúpa aiseolas faoina dtorthaí don rang.
- Céim 10:* Mar rang iomlán, pléigh na trí theaghlach a ionadaíonn sibh sa léiriú amharclainne nua in Uimhir 14 Sráid Henrietta agus cén fáth.

CUID 3. DÚSHLÁN AONAIR

- Céim 11:* Is í an chéim dheireanach sa tasc seo dúshlán aonair.
Déan póstaer a dhearadh lena ndéantar an léiriú amharclainne nua ag 14, Sráid Henrietta, a fhógairt.

Bain úsáid as an ngrafaic (Doiciméad K) ar an gcéad leathanach eile mar an chuid is tábhachtaí de do phóstaer.

Ba cheart go mbeadh na nithe a leanas san áireamh leis an bpóstaer:




- ☐ Dátaí agus amanna na léirithe
- ☐ An táille isteach
- ☐ Ainmneacha na dteaghlach stairiúil/na dteaghais stairiúla arna léiriú
- ☐ Trí fhíric ar a laghad faoi shaol i dtionóntán Bhaile Átha Cliath i 1911
- ☐ Aon téacs/grafaice eile lena ndéanfar lucht féachana a spreagadh/a mhealladh freastal air



Na Dálaí Plódaithe in Uimhir 14, Sráid Henrietta, 1911

Bhí seacht dteaghlach déag ina raibh idir beirt agus duine déag ina gcónaí san fhoirgneamh Seoirseach a bhí galánta lá den saol. Tá gach duine de na 100 duine atá liostaithe i ndaonáireamh 1911 léirithe ag scáthchruth.



CUID 4: DÚSHLÁN SCRÍBHNEOIREACHTA

Agus na doiciméid sa bhileog oibre seo á n-úsáid mar ábhar foinse, scríobh cuntas ar lá i saol duine óig a bhí ina chónaí in Uimhir 14, Sráid Henrietta, i 1911. Leis an teimpléad tobsmaointeoireachta thíos cuideofar leat d'aiste a phleanáil.

